1793

# COMÓRTAS AISTRIÚCHÁIN 'JUVENES TRANSLATORES'

**Treoracha**

*Ba chóir duit d'aistriúchán a scríobh ar an leathanach clúdaigh seo móide leathanaigh bhreise, ach na línte atá ann a úsáid agus an scríbhinn a choinneáil laistigh den fhráma.*

*Ba chóir duit na sonraí sa bhosca thíos a chomhlánú i mbloclitreacha.*

*Cuir d'ainm agus ainm do scoile le gach leathanach agus uimhrigh na leathanaigh mar a leanas:* ***uimhir an leathanaigh / an líon leathanach iomlán*** *san aistriúchán agat.*

| | |
|---|---|
| Teanga fhoinseach: English | Sprioctheanga: Gaeilge |
| Tír: Éire | |
| Ainm na scoile: Coláiste Phobail Cholmcille<br>Uimhir chlárúcháin: 281 | |
| Sloinne an dalta: Mac Fhionntaigh | |
| Céadainm an dalta: Mícheál | |
| Múinteoir maoirseachta: Máire Clár Nic Mhathúna | |

An tAistriúchán:

Tá a bpáirt féin le himirt ag na turasóirí

Is feiniméan nua-aimseartha é slua-thurasóireacht mar gheall ar an fhorbairt i dteicneolaíocht iompair agus an fheabhas atá tagtha ar chaighdeán beatha daoine. Tháinig sé ó 10 milliún turasóir tríd an domhain i 1950 go dtí meastachán de thart fá billiún i 2010. Sa lá atá inniu ann tá na milliúin daoine ag taisteal an domhain leis na hiontaisí nádúrthaí agus lámh-dhéanta a aimsiú. Tá an tsuim seo in oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha.

**Ainm an dalta:** Mícheál mac Fhionntaigh

**Ainm na scoile:** Coláiste Phobail Cholmcille

tábhachtach don eacnamaíocht mar go gcruthaíonn turasóireacht teacht isteach ó chaitheamh dhíreach agus ó jabanna tacaíochta i measc na dea thionscail. Ach níl achan rud chomh maith agus a shílfeá. Mura gcuirtear smacht air thiocfadh leis an turasóireacht dochair do-mhaithe idir fhisiciúil agus shóisialta a dhéanamh, ní amháin do na háiteanna turasóireachta ach do na daoine atá ina gcónaí ann chomh maith.

Tá neart turasóirí ag iarraidh dul go áiteanna a bhfuil clú ar an áilleacht nádúrtha, mar shampla, ach is furast damáiste a dhéanamh do thimpeallacht na n-áiteanna is deise agus tá fás na turasóireachta ag cur brú ar na daoine atá ina gcónaí sna háiteanna seo. B'fhéidir gur bosca sceallóga agus iasc atá caite ar an tsráid atá ann nó teach so-ghluaiste in aice tearmann éan atá i gceist. Go tráthúil tuigimid níos fearr anois an éifeacht atá ag an taistil ar an timpeallacht nádúrtha

**Ainm an dalta:** Mícheál Mac Fhionntaigh

**Ainm na scoile:** Coláiste Phobail Cholmcille

Is féidir dul ar thuras anois a ligean duit cuidiú le caomhnú timpeallachta agus ~~le~~ teacht isteach an phobail áitiúil agus ag an am céanna a ghearradh síos ar an droch thionchar a bhí ag turasóireacht amanna. Tugtar 'Turasóireacht freagrach' nó 'Turasóireacht Éiceolaíocht' air seo. Mar shampla, is féidir le muintir na háite páirt mhór a ghlacadh i dtionscnaimh turasóireachta agus is féidir moladh do lucht turasóireachta airgead a chur ar ais i bhforbairt áitiúil.

Tá an t-Aontas Eorpach ag déanamh airgeadú ar thionscnaimh i bhforbairt tuaithe le daoine óga a spreagadh le cuid d'am saor s'acu a chaitheamh ghníomhaíochtaí a chuidíonn le caomhnú tuaithe. Má dhéanann siad amhlaidh féadann siad cur lena gcuid eolais agus lena gcuid scileanna agus beidh siad ábalta bualadh le daoine úra agus áiteanna úra a fheiceáil agus ag an am céanna beidh siad ábalta difir suntasach a dhéanamh i gcaomhnú na tuaithe.